Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2019
(OR. en)

14210/19
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0089(COD)

CONSOM 310
MI 795
ENT 254
JUSTCIV 215
DENLEG 103
CODEC 1636

NÓTA

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE - Dearbhú comhpháirteach ón gCipir, ón tSeicia, ón Laitvia, ó Lucsamburg agus ó Phoblacht na Slóvaice

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dearbhú comhpháirteach ón gCipir, ón tSeicia, ón Laitvia, ó Lucsamburg agus ó Phoblacht na Slóvaice i ndáil leis an Togra le haghaidh Treoir maidir le caingne ionadaíocha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE.

Togra le haghaidh Treoir maidir le Comhchaingne

Dearbhú comhpháirteach ón gCipir, ón tSeicia, ón Laitvia, ó Lucsamburg agus ó Phoblacht na Slóvaice

Chun tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais neamhdhleathacha nó éagóracha ag trádálaithe, tá sé tábhachtach nósanna imeachta éifeachtacha sásaimh a chur ar fáil dóibh i ngach aon Bhallstát. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dúinn cuspóirí an togra ón gCoimisiún agus an téacs comhréitigh ó Uachtaránacht na Fionlainne. Ba cheart dó rogha mhalartach inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí seachas imeachtaí dlíthiúla aonair atá costasach den chuid is mó agus atá ar fáil inniu. Ach an téacs comhréitigh a ghlacadh, beifear in ann an chaibidlíocht sa Chomhairle a dhíbhlocáil tar éis bliain go leith agus tús a chur leis na cruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa d'fhonn teacht ar chomhaontú críochnaitheach.

Tá aiféala orainn, áfach, go bhfuil an téacs comhréitigh i bhfad níos laige i gcomparáid leis an togra bunaidh ón gCoimisiún i ndáil le leibhéal an chomhchuibhithe, an deimhneacht dhlíthiúil agus an rochtain éasca do thomhaltóirí. I ndáil leis sin, ní thugtar soiléireacht bhreise sa téacs maidir le feidhmiú trasteorann comhshásaimh, go háirithe ós rud é go mbeadh na Ballstáit in ann i gcónaí a gcritéir agus a nósanna imeachta inghlacthachta féin a chur i bhfeidhm sa bhreis ar fhorálacha na Treorach. Cé go bhforáiltear sa téacs comhréitigh do chritéir incháilitheachta mhionsonraithe dhochta, tá easpa aitheantais fhrithpháirtigh ann d'eintitis cháilithe idir na Ballstáit, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil do gach páirtí lena mbaineann.

Ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach muinín na dtomhaltóirí sa Mhargadh Aonair a chur chun cinn a thuilleadh, as líne agus ar líne, tá súil againn gur féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus gur féidir an téacs a fheabhsú dá réir, sna cruinnithe tripháirteacha le Parlaimint na hEorpa atá ar na bacáin. Beidh glacadh tomhaltóirí agus gnólachtaí Eorpacha le nósanna imeachta comhchoiteanna trasteorann ag brath ar a n-éifeachtúlacht agus ar a n-iontaofacht.